AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.9.2026
COM(2026) 555 final

2026/0254 (BUD)

Togra le haghaidh

CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha tar éis iarratas ón bhFionlainn – EGF/2026/004 FI/Etelä-Suomi and Helsinki-Uusimaa paper

hMEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

COMHTHÉACS AN TOGRA

1. Na rialacha is infheidhme maidir le ranníocaíochtaí airgeadais ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED), leagtar síos iad i Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013[1].

2. An 19 Bealtaine 2026, chuir an Fhionlainn iarratas 'EGF/2026/004 FI/ Etelä-Suomi and Helsinki-Uusimaa paper' isteach ar ranníocaíocht airgeadais ó CED, de dheasca iomarcaíochtaí sa tionscal páipéir i réigiúin NUTS leibhéal 2 Etelä-Suomi (FI1C) agus Heilsincí-Uusimaa (FI1B) san Fhionlainn.

3. Iar mheasúnú an iarratais sin don Choimisiún, ba é a chinn sé, i gcomhréir leis na forálacha uile is infheidhme i Rialachán (AE) 2021/691, gur comhlíonadh na coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais a dhámhachtain ó CED.

ACHOIMRE AR AN IARRATAS

Iarratas ar CED	EGF/2026/004 FI/ Etelä-Suomi and Helsinki-Uusimaa paper
An Ballstát	an Fhionlainn
Na réigiúin is mó lena mbaineann (Leibhéal 2 NUTS[2])	Etelä-Suomi (FI1C) agus Heilsincí-Uusimaa (FI1B)
An dáta a cuireadh an t-iarratas isteach	19 Bealtaine 2026
An dáta a admhaíodh go bhfuarthas an t-iarratas	19 Bealtaine 2026
An dáta a iarradh faisnéis bhreise	3 Meitheamh 2026
An sprioc-am chun an fhaisnéis bhreise a sholáthar	25 Meitheamh 2026
An sprioc-am chun an measúnú a chur i gcrích	4 Meán Fómhair 2026
An critéar idirghabhála	Airteagal 4(2), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/691.
An líon fiontar lena mbaineann	4
Na hearnálacha lena mbaineann an ghníomhaíocht eacnamaíoch (Rannán NACE Athbhreithniú 2)[3]	Rannán 17 (Monarú páipéir agus táirgí páipéir)
An tréimhse thagartha (6 mhí):	1 Deireadh Fómhair 2025 – 1 Aibreán 2026

[1] IO L 153, 3.5.2021, lch. 48, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/691/oj.

[2] Rialachán Tarmligthe 2019/1755 ón gCoimisiún an 8 Lúnasa 2019 lena leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú aicmiú coiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh (NUTS). IO L 270, 24.10.2019, lgh. 1–56.

[3] IO L 393, 30.12.2006, lch. 1.

An líon iomarcaíochtaí le linn na tréimhse tagartha (*a*)	346
An líon iomarcaíochtaí roimh an tréimhse thagartha (*b*) nó ina diaidh	5
An líon iomlán iomarcaíochtaí (*a* + *b*)	351
An líon iomlán tairbhithe incháilithe	351
An líon iomlán tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú	351
An buiséad i gcomhair seirbhísí pearsantaithe (EUR)	1 769 600
An buiséad chun CED a chur chun feidhme[4] (EUR)	68 000
An buiséad iomlán (EUR)	1 837 600
Ranníocaíocht ó CED (60 %) (EUR)	1 102 560

MEASÚNÚ AR AN IARRATAS

Nós imeachta

4. An 19 Bealtaine 2026, chuir an Fhionlainn iarratas 'EGF/2026/004 FI/Etelä-Suomi and Helsinki-Uusimaa paper' isteach laistigh de 12 sheachtain ón dáta a comhlíonadh na critéir idirghabhála a leagtar amach in Airteagal 4(2), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/691. D'admhaigh an Coimisiún go bhfuarthas an t-iarratas an dáta céanna, agus an 3 Meitheamh 2026, d'iarr sé faisnéis bhreise ar an bhFionlainn. Soláthraíodh an fhaisnéis bhreise sin laistigh de 15 lá oibre ón tráth a iarradh í. An spriocdháta 50 lá oibre ón tráth a fuarthas an t-iarratas comhlánaithe, tréimhse ar lena linn ba cheart don Choimisiún a mheasúnú a chur i gcrích ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an t-iarratas na coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais a sholáthar, rachaidh an spriocdháta sin in éag an 4 Meán Fómhair 2026. Is cúiseanna nós imeachta go hiomlán iad na cúiseanna nach raibh an Coimisiún in ann an spriocam a chomhlíonadh go heisceachtúil agus tá siad nasctha leis an bpróiseas cinnteoireachta modhnaithe le linn shos an tsamhraidh.

Incháilitheacht an iarratais

Na fiontair agus na tairbhithe lena mbaineann

5. Baineann an t-iarratas le 346 oibrí a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht san earnáil mhonaraíochta páipéir. Tá na poist ar cuireadh deireadh leo lonnaithe i réigiúin NUTS leibhéal 2 Etelä-Suomi (FI1C) agus Helsinki-Uusimaa (FI1B).

Na fiontair agus an líon iomarcaíochtaí le linn na tréimhse tagartha		
Metsä Group Oyj		57
Stora Enso Oyj		30
UPM Communication Papers Oy		166
SAPPI Finland Operations Oy		93
An líon iomlán fiontar: 4	**An líon iomlán iomarcaíochtaí:**	**346**

[4] I gcomhréir le hAirteagal 7(5) de Rialachán (AE) 2021/691.

Na critéir idirghabhála

6. Chuir an Fhionlainn an t-iarratas isteach faoi na critéir idirghabhála a leagtar amach in Airteagal 4(2), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/691, lena n-éilítear 200 oibrí ar a laghad a chur ar iomarcaíocht le linn tréimhse thagartha 6 mhí i bhfiontair atá ag oibriú san earnáil eacnamaíoch chéanna arna sainiú ag Rannán NACE Athbhreithniú 2 agus iad lonnaithe i réigiún amháin nó dhá réigiún chomhtheagmhálacha arna sainiú ag NUTS leibhéal 2 i mBallstát. Bhí 346 oibrí iomarcacha i réigiúin NUTS leibhéal 2 Etelä-Suomi (FI1C) agus Heilsincí-Uusimaa (FI1B) le linn na tréimhse tagartha.

7. An tréimhse thagartha 6 mhí atá leis an iarratas, is é an 1 Deireadh Fómhair 2025 go dtí an 1 Aibreán 2026 atá i gceist léi.

Na hiomarcaíochtaí agus scor na gníomhaíochta a ríomh

8. De bhun Airteagal 6, an chéad mhír, pointe (a), i gcomhar le Rialachán (AE) 2021/691, Airteagal 5, an chéad mhír, pointe (c), ríomhadh líon na n-oibrithe a ndearna iomarcaíocht difear dóibh le linn na tréimhse tagartha mar a leanas:

– 253 ó dháta an fhógra chomhchoitinn maidir le hiomarcaíochtaí

– 93 ó dháta an fhógra aonair.

Tairbhithe incháilithe

9. I dteannta na n-oibrithe a ndearnadh tagairt dóibh cheana féin, áirítear leis na tairbhithe incháilithe 5 oibrí iomarcach ar cuireadh deireadh lena ngníomhaíocht roimh an tréimhse thagartha 6 mhí nó ina diaidh. Na hoibrithe sin uile, tháinig deireadh lena ngníomhaíocht laistigh de 6 mhí roimh thús na tréimhse tagartha an 1 Deireadh Fómhair 2025 agus/nó idir deireadh na tréimhse tagartha agus an lá roimh ghlacadh an togra seo, de bhun Airteagal 6, an chéad mhír, pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/691, mar a cheanglaítear le hAirteagal 6, an dara mír, de Rialachán (AE) 2021/691. Is féidir nasc cúisíoch soiléir a dhéanamh leis an teagmhas lenar tionscnaíodh scor gníomhaíochta na n-oibrithe iomarcacha le linn na tréimhse tagartha mar a cheanglaítear le hAirteagal 6, an dara mír, de Rialachán (AE) 2021/691.

10. Is é 351 oibrí an líon iomlán tairbhithe incháilithe.

Tuairisc ar na teagmhais as ar eascair na hiomarcaíochtaí agus scor na gníomhaíochta

11. Tá dúshláin shuntasacha gheopholaitiúla agus eacnamaíocha roimh an tionscal foraoise sa Chairéil Theas, foréigiún de Etelä-Suomi atá suite in aice le teorainn na Rúise, as ar eascair athruithe struchtúracha leathana agus laghduithe móra foirne. Ós rud é go bhfuil an tionscal foraoise nasctha go hingearach leis an tionscal páipéir, trína bheith ina phríomhsholáthróir amhábhair, tá na dúshláin chéanna roimh an tionscal páipéir atá fite fuaite leis an tionscal foraoise.

12. Tá dúshláin mhóra roimh an tionscal páipéir féin le blianta beaga anuas, go príomha mar gheall ar éileamh níos ísle toisc go bhfuil an digitiú ag teacht in ionad an éilimh ar tháirgí priontála[5]. Ós rud é go bhfuil an tionscal dian ar fhuinneamh, is dúshlán suntasach iad costais fuinnimh atá ag ardú freisin.

[5] Mar thoradh ar na dúshláin struchtúracha sin freisin, slógadh cás CED sa Bheilg chun tacú le hoibrithe an tionscail páipéir – ‘EGF/2024/002 BE/Limburg machinery and paper’

13. Anuas ar na dúshláin struchtúracha ghinearálta atá roimh thionscal an pháipéir, bhí tionchar mór ag dúnadh na teorann leis an Rúis in 2023 ar struchtúr costais na monarchana páipéir atá ag feidhmiú sa Chairéil Theas. Bhí an réigiún ag brath go háirithe ar shlabhraí soláthair trasteorann, go háirithe ar adhmad a allmhairítear ón Rúis. Mar gheall ar an staid gheopholaitiúil tar éis chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, cuireadh smachtbhannaí ar allmhairí adhmaid ón Rúis agus cuireadh deireadh, dá bhrí sin, le hallmhairí. Ós rud é nach mór adhmad a aimsiú anois ó i bhfad i gcéin agus ar phraghas níos airde, tháinig méadú mór ar na costais táirgthe i dtionscal an laín agus an pháipéir. Thairis sin, bhí an t-ardú ar phraghsanna fuinnimh agus breosla ina chúis le tuilleadh brú costais.

14. In 2023–2024, lean an t-éileamh ar pháipéar priontála, a bhí ag laghdú le fada, de bheith ag lagú. Chuaigh dálaí an mhargaidh in olcas freisin i leith táirgí laín agus cairtchláir de réir mar a tháinig moill ar an ngeilleagar Eorpach agus de réir mar a lagaíodh cumhacht ceannaigh na dtomhaltóirí. Tháinig laghdú ar phraghsanna mar gheall ar an méadú ar sholáthar laín ar an margadh domhanda.

15. D’fhreagair na cuideachtaí páipéir don chás trí chaibidlíocht um athrú, mar a thugtar uirthi, a thionscnamh, ar oibleagáid reachtúil í san Fhionlainn d’fhiontair a bhfuil sé beartaithe acu baill foirne a leagan as a bpost nó athstruchtúrú a dhéanamh. Mar thoradh air sin, leagadh daoine as a bpost go sealadach ar feadh suas le 90 lá i ngach mórmhuileann páipéir. I bhfómhar 2024, tharla an chéad mhórthonn iomarcaíochtaí nuair a gearradh 100 post i muileann páipéir Stora Enso, i gcathair Imatra.

16. Chuaigh an staid in olcas in 2025. Ní hamháin gur tháinig laghdú ar an iomaíochas mar thoradh ar tharaifí allmhairiúcháin a d’fhorchuir na Stáit Aontaithe, ach rinne na taraifí sin athmhúnlú ar shlabhraí luacha domhanda freisin.

17. In 2025, leanadh den chaibidlíocht maidir le hathrú sna cuideachtaí táirgthe páipéir, rud a d’fhág ní hamháin gur leagadh daoine as a bpost go sealadach, ach go raibh laghduithe móra foirne ann freisin. San earrach, dhífhostaigh UPM 25 fhostaí ag a mhonarcha i gcathair Kaukas. Mar thoradh ar dhúnadh an táirgthe páipéir sa samhradh, dífhostaíodh 220 duine eile. San fhómhar, ghearr Stora Enso 37 bpost agus ghearr Metsä Group thart ar 70 post. Cailleadh thart ar 350 post san iomlán i dtionscal páipéir an réigiúin laistigh de thréimhse ghearr.

18. Ag deireadh 2025, chinn bainistíocht mhuileann Sappi Kirkniemi atá lonnaithe i gcathair Lohja i Réigiún Heilsincí-Uusimaa ceann dá thrí mheaisín táirgthe páipéir a dhúnadh go buan. Sa chás sin, is é an chúis is tábhachtaí atá leis an dúnadh an laghdú fadtéarmach ar an éileamh ar pháipéar mar gheall ar an digitiú. Tháinig laghdú buan 93 phost mar thoradh ar dhúnadh an mheaisín táirgthe páipéir.

An tionchar a mheastar a bheidh ag na hiomarcaíochtaí a mhéid a bhaineann leis an ngeilleagar áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta, agus leis an bhfostaíocht

19. Is réigiún onnmhairiúcháin é an Chairéil Theas atá dírithe go mór ar an tionscal. Is táirgí monaraíochta iad 99 % d’onnmhairí an réigiúin (meán náisiúnta 78 %)[6]. Tá sciartha an tionscail foraoise in aschur réigiúnach, breisluach, fostaíocht agus infheistíochtaí roinnt uaireanta níos airde ná meánleibhéal réigiúin na Fionlainne.

20. Déantar na seirbhísí a úsáideann an tionscal foraoise a chonrú go háitiúil den chuid is mó, rud a mhéadaíonn íogaireacht an réigiúin i leith athruithe ar tháirgeadh. Léirítear dúnadh na monarchan go tapa i slabhraí fochonraitheoireachta agus seirbhíse:

6 Custaim na Fionlainne: tavaroiden ulkomaankauppa maakunnittain.

caillfidh seirbhísí iompair, cothabhála, lóistíochta, glantacháin, slándála, fuinnimh agus innealtóireachta sciar mór den éileamh orthu. Tá idir 1 agus 2,5 post i gceist le measteacháin ar éifeachtaí iolraitheora in aghaidh an phoist sa tionscal foraoise. Tagann laghdú freisin ar an éileamh ar sheirbhísí nach mbaineann go díreach leis an tionscal foraoise mar gheall ar chumhacht laghdaithe ceannaigh teaghlach.

21. De réir an staidrimh náisiúnta, tá ráta dífhostaíochta an réigiúin, 14,4 % in 2025, fós os cionn an mheáin náisiúnta (12,6 %) le fada an lá[7]. Is measa fós an scéal i gcás Imatra go háirithe, áit a raibh an ráta dífhostaíochta i mí Eanáir 2026 cothrom le 16,7 %, agus lean sé de bheith ag ardú le linn an earraigh.

22. Nuair a chailltear poist mhonarchan, méadaítear an baol go mbeidh dífhostaíocht struchtúrach fhada ann. Tá soláthar poist an réigiúin teoranta agus láraithe, rud a fhágann go bhfuil sé níos deacra do dhaoine dífhostaithe fostaíocht a fháil, go háirithe nuair nach bhfuil scileanna oibrithe ag teacht le riachtanais fostóirí. Tá infheistíochtaí nua dírithe níos mó agus níos mó ar thascanna ardoilte, rud a fhágann go mbíonn sé níos dúshlánaí dóibh siúd a bhfuil a gcúlra sa mhonaraíocht fostaíocht a fháil.

23. I réigiún Lohja, is dúshlán don gheilleagar réigiúnach é laghdú buan 93 phost. Tá na deiseanna athfhostaíochta sna tionscail foraoise agus pháipéir teoranta, mar sin teastaíonn athsciliú ón spriocghrúpa chun post a fháil in earnáil eile.

24. I bhfianaise na mímheaitseála sa mhargadh saothair atá ag dul i méid, beidh tacaíocht shuntasach shaincheaptha agus athoiliúint ag teastáil ó oibrithe chun aistriú go rathúil chuig fostaíocht nua. Méadaíonn sé sin an brú chun dlús a chur le bearta forbartha scileanna.

25. Cuireann na dúshláin i dtábhacht an gá atá leis na tionscail idirnasctha foraoise agus pháipéir a nuachóiriú, agus dlús a chur le hinfheistíochtaí in earnálacha tionsclaíocha nua, go háirithe in earnálacha tionsclaíocha glasa.

26. Tá gá le gníomhaíocht phráinneach de réir mar a leathnaíonn an éagothromaíocht réigiúnach. Tá tionchair dhúshláin an tionscail páipéir agus foraoise le sonrú go háirithe in Oirdheisceart agus in Oirthear na Fionlainne, ós rud é go lagaíonn caillteanais post gníomhaíocht eacnamaíoch, boinn chánach bhardasacha, agus deiseanna infheistíochta.

Cur i bhfeidhm Chreat Cáilíochta an Aontais Eorpaigh um réamhaíocht ar athrú agus athstruchtúrú

27. Thug an Fhionlainn tuairisc ar an gcaoi ar cuireadh san áireamh na moltaí a leagtar amach i gCreat Cáilíochta an Aontais Eorpaigh um réamhaíocht ar athrú agus athstruchtúrú. Tá tacaíocht CED ceaptha a bheith comhsheasmhach le Creat Cáilíochta an Aontais Eorpaigh trí luath-idirghabháil, bearta gníomhacha margaidh saothair agus pacáistí tacaíochta comhordaithe a threisiú. Déanann coiste faireacháin an chláir, ar a bhfuil ionadaithe as measc aireachtaí, réigiún agus comhpháirtithe sóisialta, formhaoirseacht ar chur chun feidhme, ar éifeachtacht agus ar ailíniú le cuspóirí straitéiseacha, agus áirithíonn sé go n-úsáidtear cistí an Aontais agus acmhainní náisiúnta ar bhealach comhlántach comhordaithe.

28. Maidir leis na gníomhaíochtaí a rinneadh chun cúnamh a thabhairt do na hoibrithe iomarcacha, thuairiscigh an Fhionlainn gur eagraigh na seirbhísí poiblí fostaíochta sa Chairéil Theas agus in Lohja seisiúin faisnéise, agus gur thionscain siad seirbhísí

[7] Staidreamh Fhionlainne: Työssäkäyntitilasto

pearsantaithe do na hoibrithe spriocdhírithe díreach tar éis fhógairt na n-iomarcaíochtaí i bhfómhar 2025. Áirítear orthu sin measúnú ar na riachtanais aonair, tacaíocht chun post a chuardach agus treoir maidir leis na seirbhísí éagsúla atá ar fáil do na cuardaitheoirí poist.

Comhlántacht maidir le gníomhaíochtaí atá á gcistiú as cistí náisiúnta nó as cistí de chuid an Aontais

29. Maidir leis na bearta a bhfuil tuairisc orthu thíos agus a gheobhaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED, dheimhnigh an Fhionlainn nach bhfaighidh na bearta sin ranníocaíochtaí airgeadais ó ionstraimí airgeadais eile de chuid an Aontais de bhreis air sin.

30. Leis an bpacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe, comhlánaítear gníomhaíochtaí a chistítear le cistí náisiúnta eile nó le cistí eile de chuid an Aontais.

Nósanna imeachta maidir le dul i gcomhairle leis na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú nó lena n-ionadaithe nó leis na comhpháirtithe sóisialta agus le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha

31. Tá sé curtha in iúl ag an bhFionlainn gur tarraingíodh suas an pacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe i gcomhairle le saineolaithe agus comhpháirtithe sóisialta, i gcomhréir le hAirteagal 7(4) de Rialachán (AE) 2021/691. Tá tacaíocht CED á plé ó bhí mí na Samhna 2025 ann sa ghrúpa stiúrtha um athrú struchtúrach tobann réigiúnach, ina bhfuil páirtithe leasmhara réigiúnacha agus an Aireacht Gnóthaí Eacnamaíocha agus Fostaíochta rannpháirteach. Comhaontaíodh an pacáiste deiridh beart i gcruinniú leis na seirbhísí poiblí fostaíochta agus le hionadaithe fostaithe agus fostóirí ó na fiontair lenar bhain an scéal an 27 Márta 2026.

Na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú agus na bearta atá beartaithe

Na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú

32. Tá coinne leis go nglacfaidh na hoibrithe iomarcacha ar fad, is é sin 351 oibrí iomarcacha, páirt sna bearta. De bhun Airteagal 8(7), pointe (f) de Rialachán (AE) 2021/691, is é seo a leanas miondealú na n-oibrithe sin de réir inscne, aoisghrúpa agus leibhéal oideachais:

Catagóir		An líon tairbhithe a mheastar a bheidh ann	
Inscne:	Fir:	303	(86,3 %)
	Mná:	48	(13,7 %)
	Neamh-dhénártha	0	(0,0 %)
Aoisghrúpa:	Faoi bhun 30 bliain:	58	(16,5 %)
	30-54 bliana:	127	(36,2 %)
	Os cionn 54 bliana:	166	(47,3 %)
Leibhéal oideachais	Oideachas meánscoile sóisearach, nó níos	27	(7,7 %)

lú ná sin[8]		
Oideachas meánscoile sinsearach[9] nó oideachas iar-mheánscoile[10]	294	(83,8 %)
Oideachas treasach[11]	30	(8,5 %)

Bearta atá beartaithe

33. De bhun Airteagal 8(7), pointe (h), de Rialachán (AE) 2021/691, is iad na bearta seo a leanas atá sa phacáiste comhordaithe pearsanaithe atá le soláthar d'oibrithe iomarcacha:

– Oiliúint i gcuardach poist agus cóitseáil ghairme: Faigheann na rannpháirtithe faisnéis faoi na seirbhísí tacaíochta atá ar fáil do chuardaitheoirí poist, agus oiliúint chun a gconair isteach sa mhargadh saothair a neartú. Déanfaidh saineolaithe measúnú ar a gcuid scileanna, agus béim ar leith á leagan ar scileanna digiteacha. Cuirfear gníomhaíochtaí cuardaigh poist agus bearta cóitseála poist ar fáil chun deiseanna fostaíochta nua a shainaithint. Is iad na seirbhísí poiblí fostaíochta (SPFanna) agus saineolaithe seachtracha araon a sholáthraíonn an tseirbhís, agus áirítear léi gníomhaíochtaí aonair agus gníomhaíochtaí grúpabhunaithe.

– Gairmoiliúint: Is oiliúint ghrúpabhunaithe nó oiliúint aonair atá i gceist, bunaithe ar riachtanais an rannpháirtí agus an mhargaidh saothair réigiúnaigh. Cuirtear plean forbartha inniúlachta pearsanta ar fáil do gach rannpháirtí, ionas gur féidir an oiliúint a chur in oiriúint do thacair scileanna agus do spriocanna aonair atá ann cheana. Is féidir deimhnithe agus ceadúnais éagsúla a fháil freisin, amhail an cárta sábháilteachta ceirde, an cárta um obair the, etc.

– Deontas le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta: Tá an deontas beartaithe le haghaidh costais forbartha nuathionscanta agus luathchéime chun tacú le hoibrithe a thosaíonn gnólacht nó gníomhaíocht fhéinfhostaithe. Íoctar é bunaithe ar na costais iarbhír a thabhaítear agus ní féidir é a leithdháileadh ar speansais tuarastail ná ar shlí bheatha phearsanta an duine aonair. Ní chuirtear an beart sin i bhfeidhm ach amháin sa Chairéil Theas.

– Suirbhé agus réiteach IS le haghaidh riachtanais earcaíochta agus scileanna: Déanfaidh Limistéar Fostaíochta na Cairéile Theas treoirthionscadal atá bunaithe ar an intleacht shaorga chun riachtanais earcaíochta agus éilimh scileanna sa mhargadh saothair réigiúnach a shainaithint, rud a fhágfaidh go mbeifear in ann an spriocghrúpa a mheaitseáil leis na riachtanais sin, agus bearnaí scileanna a aimsiú ar féidir aghaidh a thabhairt orthu trí oiliúint.

– Fóirdheontas pá: Le fóirdheontais phá, laghdaítear an tairseach earcaíochta trí chostais phárolla an fhostóra nua a laghdú. Is é an aidhm atá ann cabhrú leis na cuardaitheoirí poist fostaíocht a aimsiú sa mhargadh saothair oscailte agus

8 ISCED 0-2
9 ISCED 3
10 ISCED 4
11 ISCED 5-8

feabhas a chur ar a gcuid scileanna gairmiúla. Is iondúil gurb é 50 % de na costais phárolla méid an fhóirdheontais pá; braitheann fad na tréimhse fóirdheonaithe ar an gconradh fostaíochta agus ar fhad na tréimhse dífhostaíochta roimhe sin.

– Liúntas soghluaisteachta: Tá sé i gceist leis an liúntas glacadh le hobair níos faide ar shiúl ón mbaile a spreagadh, trí chostais chomaitéireachta agus aistrithe a chúiteamh.

– Liúntas chun gnólacht a chur ar bun: Chun slí bheatha na n-oibrithe a chinntiú agus iad ag bunú gnó, deonófar liúntas laethúil EUR 37,21, a íocfar cúig lá sa tseachtain, ar feadh 12 mhí ar a mhéad. Ní chuirtear an beart sin i bhfeidhm ach amháin in Lohja.

34. Le raon oiliúint TFC agus tacaíochta breise, a bheidh bunaithe ar mheasúnú tosaigh ar leibhéal scileanna digiteacha na dtairbhithe, agus aird á tabhairt ar inrochtaineacht na seirbhísí, freastalófar ar scaipeadh na scileanna is gá sa ré dhigiteach thionsclaíoch agus i ngeilleagar atá tíosach ar acmhainní, mar a cheanglaítear le hAirteagal 7(2) de Rialachán (AE) 2021/691.

35. Maidir leis na gníomhaíochtaí atá beartaithe, a bhfuil tuairisc orthu anseo, is bearta gníomhacha beartais maidir leis an margadh saothair iad atá laistigh de na gníomhaíochtaí incháilithe a leagtar amach in Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2021/691. Ní chuirfear na gníomhaíochtaí sin in ionad bearta éighníomhacha cosanta sóisialta.

36. Sholáthair an Fhionlainn an fhaisnéis is gá maidir le bearta atá éigeantach don fhiontar lena mbaineann de bhua an dlí náisiúnta nó de bhun comhaontuithe comhchoiteanna. I gcomhréir le hAirteagal 9(1) de Rialachán (AE) 2021/691, tá sé deimhnithe ag an bhFionlainn nach gcuirfear ranníocaíocht airgeadais ó CED in ionad na mbeart sin.

Buiséad measta

37. Is é EUR 1 837 600 luach na gcostas measta iomlán, lena gcuimsítear caiteachas EUR 1 769 600 ar sheirbhísí pearsantaithe agus caiteachas EUR 68 000 ar ghníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistíochta, faisnéise agus poiblíochta, rialaithe agus tuairiscithe.

38. Is é EUR 1 102 560 (60 % de na costais iomlána) an ranníocaíocht airgeadais iomlán a iarradh ar CED.

39. De bhun Airteagal 8(7), pointe (m) de Rialachán (AE) 2021/691, shonraigh an Fhionlainn gurb iad Limistéir Fostaíochta na Cairéile Theas agus Lohja-Karkkila a sholáthraíonn an réamh-mhaoiniú agus an comhchistiú náisiúnta.

Bearta	An líon measta rannpháirtithe	An costas measta in aghaidh an rannpháirtí *(EUR)*[12]	Costais mheasta iomlána *(EUR)*[13]

[12] Chun deachúlacha a sheachaint, déantar an figiúr a shlánú i gcás na gcostas measta in aghaidh an oibrí. Mar sin féin, ní dhéanann an slánú aon difear do chostas iomlán gach birt, arae tá sé sin fós mar a shonraítear san iarratas a chuir an Fhionlainn isteach.

Seirbhísí pearsantaithe (bearta faoi Airteagal 7(2), an dara fomhír, pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/691)			
Oiliúint i gcuardach poist agus cóitseáil ghairme	351	1 231	432 040
Gairmoiliúint	101	4733	478 000
Deontas le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta	17	12 353	210 000
Suirbhé agus réiteach IS le haghaidh riachtanais earcaíochta agus scileanna	258	233	60 000
Fo-iomlán (a): An céatadán den phacáiste de sheirbhísí pearsantaithe	–		1 180 040 (66,68 %)
Liúntais agus dreasachtaí (bearta faoi Airteagal 7(2), an dara fomhír, pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/691)			
Fóirdheontas pá	59	9 518	561 560
Liúntas soghluaisteachta	20	150	3 000
Liúntas chun gnólacht a chur ar bun	5	5 000	25 000
Fo-iomlán (b): An céatadán den phacáiste de sheirbhísí pearsantaithe:	–		589 560 (33,32 %)
Gníomhaíochtaí faoi Airteagal 7(5) de Rialachán (AE) 2021/691			
1. Gníomhaíochtaí ullmhúcháin	–		0[14]
2. Bainistíocht	–		47 500
3. Faisnéis agus poiblíocht	–		11 500
4. Rialú agus tuairisciú	–		9 000
Fo-iomlán (c): An céatadán de na costais iomlána:	–		68 000 (3,70 %)
Costais iomlána (a + b + c):	–		1 837 600
Ranníocaíocht CED (60 % de na costais iomlána)	–		1 102 560

40. Costais na mbeart a shainaithnítear sa tábla thuas mar bhearta faoi Airteagal 7(2), an dara fomhír, pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/691, ní mó iad ná 35 % de na costais

[13] Mar gheall ar an slánú, ní réitíonn suimeanna na n-iomlán le chéile.

[14] Is trí chistiú náisiúnta amháin a chumhdófar na costais a bhaineann le bearta ullmhúcháin.

iomlána le haghaidh an phacáiste chomhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe. Dheimhnigh an Fhionlainn go ngabhann coinníoll leis na bearta sin, is é sin nach mór do na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú a bheith rannpháirteach go gníomhach i ngníomhaíochtaí cuardaigh poist nó i ngníomhaíochtaí oiliúna.

Tréimhse incháilitheachta an chaiteachais

41. An 1 Eanáir 2026, chuir an Fhionlainn tús leis na seirbhísí pearsantaithe a sholáthar do na tairbhithe a bhfuiltear ag díriú orthu. Dá bhrí sin, an caiteachas ar na bearta, is caiteachas é a bheidh incháilithe le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED ón 1 Eanáir 2026 go dtí 24 mhí tar éis an dáta a thiocfaidh an Cinneadh Maoiniúcháin i bhfeidhm.

42. An 1 Eanáir 2026, thosaigh an Fhionlainn ag tabhú an chaiteachais riaracháin chun CED a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, beidh an caiteachas ar ghníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistíochta, faisnéise agus poiblíochta, rialaithe agus tuairiscithe incháilithe le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED ón 1 Eanáir 2026 go dtí 31 mhí tar éis an dáta a thiocfaidh an Cinneadh Maoiniúcháin i bhfeidhm.

Córais bhainistíochta agus rialaithe

43. Tá tuairisc san iarratas ar an gcóras bainistíochta agus rialaithe a cheanglaítear faoi Airteagal 23 de Rialachán (AE) 2021/691, agus sonraítear sa tuairisc sin freagrachtaí na gcomhlachtaí lena mbaineann. Thug an Fhionlainn fógra don Choimisiún gurb í an Aireacht Gnóthaí Eacnamaíocha agus Fostaíochta a bhainisteoidh agus a rialóidh an ranníocaíocht airgeadais, is é sin, na haonaid chéanna atá ina n-údarás bainistithe agus deimhniúcháin le haghaidh CSE+ san Fhionlainn. Is í an iniúchóireacht inmheánach neamhspleách faoi údarás Bhuanrúnaí na hAireachta Gnóthaí Eacnamaíocha agus Fostaíochta a fheidhmíonn mar an t-údarás iniúchóireachta le haghaidh CED.

Gealltanais a thug an Ballstát lena mbaineann

44. Thug an Fhionlainn na dearbhuithe uile a theastaíonn maidir leis na nithe seo a leanas:

– cloífear leis na prionsabail um chóir chomhionann agus um neamh-idirdhealú sa mhéid a bhaineann leis an rochtain ar na bearta atá beartaithe agus maidir le cur chun feidhme na mbeart sin,

– comhlíonadh na ceanglais a leagtar síos sa dlí náisiúnta agus i ndlí an Aontais maidir le hiomarcaíochtaí comhchoiteanna,

– na fiontair a rinne oibrithe a dhífhostú agus a lean dá gcuid gníomhaíochtaí tar éis dóibh na daoine lena mbaineann a leagan as, is fiontair iad a chomhlíon a gcuid oibleagáidí dlíthiúla agus a riar dá gcuid oibrithe dá réir,

– beidh cosc ar aon mhaoiniú dúbailte,

– cloífidh an ranníocaíocht airgeadais ó CED le rialacha nós imeachta agus rialacha ábhartha an Aontais maidir le státchabhair.

IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Togra buiséadach

45. Ní rachaidh CED thar uasmhéid bliantúil EUR 30 milliún (i bpraghsanna 2018), mar a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2020/2093 ón

gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027[15].

46. Agus scrúdú déanta ag an gCoimisiún ar an iarratas i dtaca leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 13(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2021/691, agus tar éis dó an líon tairbhithe a bhfuiltear ag díriú orthu, na bearta atá beartaithe agus na costais mheasta a chur san áireamh, molann an Coimisiún EUR 1 102 560 a shlógadh ó CED, arb é atá ann 60 % de chostais iomlána na mbeart atá beartaithe, chun ranníocaíocht airgeadais a sholáthar le haghaidh an iarratais.

47. An cinneadh atá beartaithe maidir le CED a shlógadh, is iad Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i gcomhpháirt le chéile a dhéanfaidh é de bhun Airteagal 15(1), an chéad fhomhír, an dara habairt, de Rialachán (AE) 2021/691 agus, mar a leagtar síos i bpointe 9 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, comhar in ábhair bhuiséadacha agus bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach[16].

Gníomhartha gaolmhara

48. An tráth céanna a thíolacfaidh an Coimisiún an togra seo le haghaidh cinneadh CED a shlógadh, déanfaidh sé togra a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle le haghaidh EUR 1 102 310 a aistriú chuig an líne bhuiséadach ábhartha.

49. An tráth céanna a ghlac sé an togra seo le haghaidh cinneadh CED a shlógadh, ghlac an Coimisiún cinneadh maidir le ranníocaíocht airgeadais arb é atá ann cinneadh maoiniúcháin de réir bhrí Airteagal 110 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509[17]. Tiocfaidh an cinneadh maoiniúcháin sin i bhfeidhm an dáta a gheobhaidh an Coimisiún fógra go bhfuil an t-aistriú buiséadach formheasta ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle, de bhun Airteagal 15(2), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) 2021/691.

15 IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2093/oj.

16 IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2093/oj.

17 Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú), IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.

2026/0254 (BUD)

Togra le haghaidh

CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha tar éis iarratas ón bhFionlainn – EGF/2026/004 FI/Etelä-Suomi and Helsinki-Uusimaa paper

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013[18], agus go háirithe Airteagal 15(1), an chéad fhomhír, de,

Ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, mar aon le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach[19], agus go háirithe pointe 9 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá sé d'aidhm ag an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) dlúthpháirtíocht a léiriú agus fostaíocht chuibhiúil inbhuanaithe a chur chun cinn san Aontas trí thacaíocht a thabhairt d'oibrithe iomarcacha agus do dhaoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht i gcás mórtheagmhais athstruchtúrúcháin agus trí chúnamh a thabhairt dóibh filleadh ar obair chuibhiúil inbhuanaithe a luaithe is féidir.

(2) Ní rachaidh CED thar uasmhéid bliantúil EUR 30 milliún (i bpraghsanna 2018), mar a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093[20] ón gComhairle, agus in Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2021/691.

(3) An 19 Bealtaine 2026, chuir an Fhionlainn iarratas isteach chun CED a shlógadh i gcomhréir le hAirteagal 8(1) de Rialachán (AE) 2021/691, i leith iomarcaíochtaí na n-oibrithe san earnáil eacnamaíoch a aicmítear faoin Aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí

[18] IO L 153, 3.5.2021, lch. 48, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/691/oj.

[19] IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2093/oj.

[20] Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2093/oj).

eacnamaíocha sa Chomhphobal Eorpach ('NACE')[21] Athbhreithniú 2, rannán 17 (Monarú páipéir agus táirgí páipéir) i [22]réigiúin leibhéal 2 Etelä-Suomi (FI1C) agus Heilsincí-Uusimaa (FI1B) san Fhionlainn, d'Aicmiú Comhchoiteann na nAonad Críche maidir le Staidreamh ('NUTS'). Rinneadh é a fhorlíonadh trí fhaisnéis bhreise a sholáthar, faisnéis a soláthraíodh i gcomhréir le hAirteagal 8(5) de Rialachán (AE) 2021/691. Meastar go gcomhlíontar leis an iarratas sin na coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais ó CED a sholáthar, mar a leagtar síos in Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2021/691, ar bhonn an mheasúnaithe a rinne an Coimisiún sa Togra le haghaidh cinneadh maidir le slógadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[23].

(4) Dá bhrí sin, ba cheart CED a shlógadh chun ranníocaíocht airgeadais EUR 1 102 560 a sholáthar i leith an iarratais a thíolaic an Fhionlainn.

(5) Chun íoslaghdú a dhéanamh ar an am a theastaíonn chun CED a shlógadh, ba cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh seo ó dháta a ghlactha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Faoi chuimsiú bhuiséad ginearálta an Aontais le haghaidh na bliana airgeadais 2026, déanfar an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha a shlógadh chun méid EUR 1 102 560 a sholáthar ina leithreasuithe i gcomhair gealltanas agus íocaíochtaí.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Beidh feidhm aige ón [*dáta a ghlactha*][*] .

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*

21 Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear aicmiú staidrimh ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle, chomh maith le Rialacháin áirithe CE maidir le fearainn shonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1).

22 Rialachán Tarmligthe 2019/1755 ón gCoimisiún an 8 Lúnasa 2019 lena leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú aicmiú coiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh (NUTS). IO L 270, 24.10.2019, lgh. 1–56.

23 COM(2026) 555

[*] Tá an dáta le cur isteach ag an bParlaimint sula ndéantar an foilsiú san Iris Oifigiúil.